

*Saoráil Faisnéise*

**CÓD CLEACHTAIS**

**Na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas  
& Tourism Ireland Ltd**

<b>Clár</b>	<b>Leathanach</b>
<b><i>Réamhthréacht</i></b>	<b>4</b>
<b>Cuspóirí</b>	<b>5</b>
<b>Prionsabail</b>	<b>5</b>
<b>Míniú</b>	<b>5</b>
<b>Raon</b>	<b>6</b>
<b>Foilseacháin</b>	<b>7</b>
<b>Rochtain ar Fhaisnéis</b>	<b>7</b>
<b>Soláthar Réasúnta Cúnaimh</b>	<b>8</b>
<b>Faisnéis a thionscain údaráis phoiblí nó An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas</b>	<b>8</b>
<b>Comhairliúchán Tríú Páirtí</b>	<b>9</b>
<b>Modh Rochtana</b>	<b>10</b>
<b>Iarratais ar Fhaisnéis</b>	<b>10</b>

<b>Fógairt Cinntí</b>	11
<b>Ráiteas Cúiseanna</b>	12
<b>Táillí</b>	12
<b>Athbhreithniú Inmheánach ar Chinntí</b>	13
<b>Tuairiscí don Chomhairle</b>	14
<b>Iarscríbhinn</b>	15

## CUID 1

### 1. Réamhthréacht

1.1 Cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an Cód Cleachtais seo de réir Cuid 7 alt 7 d'iarscríbhinn 2 leis an gComhaontú 8 Márta 1999 idir Rialtais na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhunaigh na Comhlachtaí Forfheidhmithe (“An Comhaontú”) lena raibh dualgas ar na hAirí freagracha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann Cód Cleachtais i leith rochtain ar fhaisnéis a dhréachtadh le haghaidh na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bheadh le ceadú ag an gComhairle.

1.2 Agus an Cód Cleachtais seo á ullmhú acu, chuir na hAirí freagracha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann san áireamh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 in Éirinn agus The Freedom of Information Act 2000 sa Ríocht Aontaithe chomh maith le caighdeán eile agus dea-chleachtas maidir le rochtain ar fhaisnéis.

1.3 Cód neamhrechtúil is ea an Cód seo agus ní sháraíonn sé ná ní dhéanann sé dochar d'fhorálacha atá i gcearta rochtana ar fhaisnéis nó ar thaifid i ndlí na hÉireann, na Ríochta Aontaithe, an Aontais Eorpaigh ná sa dlí idirnáisiúnta ná ní sháraíonn sé na toirmisc statúideacha ar nochtadh go háirithe The Data Protection Act 1998 agus The Environmental Information Regulations 2004 sa Ríocht Aontaithe agus an reachtaíocht a bhaineann le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 in Éirinn.

1.4 Bainfidh an Cód seo le gach ceann de na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh faoin gComhaontú agus le Tourism Ireland Limited. Ba cheart do gach Comhlacht bearta a dhéanamh chun an Cód seo a fheidhmiú agus feasacht air a chur chun cinn i measc an phobail.

1.5 Tiocfaidh an Cód seo i bhfeidhm ó 1 Feabhra 2006 agus déanfaidh na hAirí freagracha athbhreithniú air ag tráth ama nach mbeidh níos mó ná dhá bhliain i ndiaidh an dáta seo.

## **2. Cuspóirí**

2.1 Is é príomhchuspóir an Chóid seo rochtain bhaill den phobal ar fhaisnéis atá i seilbh na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Tourism Ireland Limited a éascú.

De thoradh ar bhaint amach an chuspóra seo beidh:

- breis oscailteachta agus cuntasachta agus muiníne ag an bpobal as oibriú na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas; agus
- feabhas ar chaighdeán cinnteoireachta na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas

## **3. Prionsabail**

3.1 Agus an Cód seo ag iarraidh a chuid cuspóirí a bhaint amach, glactar leis go mbíonn claonadh i dtreo na hoscailteachta ann.

3.2 Gur cheart go léireodh na cinntí faoi rochtain ar fhaisnéis an chothromaíocht cheart idir rochtain ar fhaisnéise a dheonú agus rúndacht a chosaint i gcás go mbeadh nochtadh in aghaidh leas an phobail. Ba cheart gur ar thaobh na hoscailteachta a thitfeadh an mheá.

3.3 Nár cheart go gcuirfeadh an Cód seo isteach ar nó teach salach ar chearta nó dualgais reachtúla.

## **4. Míniú**

Sa Chód seo:

Is é is brí le “iarratasóir” duine a dhéanann iarratas ar Chomhlacht faoi mhír 12 nó, dá mb’ea, duine a dhéanann iarratas ar athbhreithniú faoi mhír 16.

Is é is brí le “Cód” an Cód Cleachtais seo.

Is é is brí le “Comhairle” an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas.

Is é is brí le “faisnéis dhíolmhaithe” an bhrí atá curtha leis san larscríbhinn.

Is é is brí le "faisnéis" taifead ar bith a cruthaíodh ó 2 Nollaig 1999 is cuma cén meán ina bhfuil sé ina measc: cáipéis, leabhar, plean, léarscáil, líníocht, léaráid, saothar pictiúrtha nó grafach, grianghraf, scannán nó taifeadadh nó foirm éigin eile ina gcoimeádtar an fhaisnéis.

Is é is brí le "faisnéis pearsanta" faisnéis faoi dhuine aonair inaitheanta nach mbeadh, sa ghnáthshlí, ar eolas ach ag an duine sin nó ag duine dá t(h)eaghlach, nó ag a c(h)airde.

Is é is brí le "údarás poiblí" Comhlacht poiblí de réir mar is brí leis sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 nó údarás poiblí mar is brí leis in The Freedom of Information Act 2000 sa Ríocht Aontaithe.

Is é is brí le "Comhlacht" ceann de na Comhlachtaí a liostáiltear i mír 5.

Is é is brí le "Airí Freagracha" Airí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a bhfuil cúram shaoráil faisnéise orthu.

Is é is brí le "laethanta oibre" lá ar bith seachas Satharn, Domhnach, nó lá saoire poiblí/bainc a thaithíonn an Comhlacht a ndearnadh an t-iarraitas ar fhaisnéis air.

Mura gcuireann an comhthéacs a mhalairt in iúl, is ionann tagairt do mhír agus tagairt do mhír sa Chód seo.

## **5. Raon**

5.1 Tá an Cód seo infheidhmithe sna Comhlachtaí seo a leanas:

An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia

Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann

Uiscebhealaí Éireann

The North/South Language Body / An Foras Teanga / Tha Boord o Leid

Comhlacht na gClár Speisialta AE

An Comhlacht Trádála agus Gnó

Tourism Ireland Limited

## **6. Foilseacháin**

6.1 Ní mór do chomhlacht a mbaineann an Cód seo leis eolas a bhaineann le feidhmeanna, le struchtúir, le heagrú, agus le seirbhísí an Chomhlachta a fhoilsiú mar aon le tuairisc ghinearálta ar na cineálacha faisnéise atá i seilbh an Chomhlachta agus na nósanna imeachta agus socruithe eagraíochtúla atá ann chun cabhrú leis an bpobal an Cód seo a úsáid. Ba cheart go ndéanfaidh an Comhlacht athbhreithniú rialta ar a laghad gach dhá mhí dhéag ar an eolas a fhoilsíonn sé faoin mír seo.

6.2 Laistigh de sé mhí tar éis teacht i bhfeidhm an Chóid seo, ba cheart go ndeimhneodh gach Comhlacht i scríbhinn leis an gComhairle go bhfuil faisnéis foilsithe aige faoin mír seo.

## **7. Rochtain ar Fhaisnéis**

7.1 Ba cheart go gcuirfí ar fáil do dhuine, ar iarratas, rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh Comhlachta, faoi réir ag forálacha an Chóid seo agus aon fhorálacha reachtúla eile.

7.2 Ní bhaineann mír 7.1 i gcás:

(a) go bhfuil an fhaisnéis a iarrtar díolmhaithe de réir alt ar bith i gCuid 1 den Iarscríbhinn; nó

(b) go bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ina fhaisnéis dhíolmhaithe de bharr alt ar bith i gCuid 2 den Iarscríbhinn agus gur thábhachtaí i ngach cúinse den chás leas an phobail maidir leis an fhaisnéis a choimeád siar ná leas an phobail maidir le nochtadh na faisnéise.

7.3 Agus leas an phobail á mheas mar seo faoi 7.2(b) ní mór don Chomhlacht a mheabhrú go ndéantar talamh slán de go bhfuil an oscailteacht féin chun leas an phobail.

## **8. Soláthar réasúnta cúinimh**

Ba cheart go gcuirfeadh gach Comhlacht, fad agus is féidir a

bheith ag súil leis go réasúnta, comhairle agus cúnamh ar fáil d'iarratasóirí agus do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarratasóirí chun áis a dhéanamh dóibh faisnéis a rochtain faoin gCód seo.

## **9. Faisnéis a thionscain údaráis phoiblí nó an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas**

9.1 I gcás gur faisnéis a fuarthas ó nó a thionscain údarás poiblí sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn, nó an Chomhairle, atá á lorg, ní mór don Chomhlacht dul i gcomhairle leis an údarás poiblí atá i gceist nó leis an gComhairle sula nglacfaí cinneadh chun an fhaisnéis a nochtadh nó a mhalairt.

9.2 Ní mór go háirithe dul i mbun comhairliúcháin i gcás:

- (a) go bhféadfadh tuairimí an údaráis phoiblí nó na Comhairle cabhrú leis an gComhlacht a dheimhniú an mbaineann díolúine atá luaite san larscríbhinn leis an bhfaisnéis a iarradh; nó
- (b) go bhféadfadh tuairimí an údaráis phoiblí nó na Comhairle cabhrú leis an gComhlacht a dheimhniú cá háit a bhfuil leas an phobail.

9.3 Faoi réir alt 6.3 de Chuid 1 den larscríbhinn, fágfar faoin gComhlacht é, murab ionann agus faoin údarás poiblí nó faoin gComhairle, a dheimhniú cé acu ar cheart nó nár cheart faisnéis a nochtadh faoin gCód. I gcás go ndiúltódh údarás poiblí nochtadh faisnéise a cheadú, níor leor an diúltú sin ann féin mar chúis gan an fhaisnéis a nochtadh.

9.4 I gcás go ndiúltaítear d'iarratas ar fhaisnéis de bharr go bhfuil sé díolmhaithe faoi alt 6.3 de Chuid 1 den larscríbhinn, ba cheart don Chomhlacht an t-iarratasóir a chur ar aghaidh chuig an údarás poiblí óna bhfuarthas nó a thionscain an fhaisnéis ionas go bhféadfadh an t-iarratasóir deimhniú a lorg faoin reachtaíocht chuif a phléann saoráil faisnéise sa chás sin.

9.5 Ba chóir don Chomhlacht an cinneadh faoin bhfaisnéis a nochtadh nó a mhalairt a chur in iúl i scríbhinn don údarás poiblí nó don Chomhairle.



## **10. Comhairliúchán Tríú Páirtí**

10.1 I gcás go bhfaightear iarratas a bhaineann le faisnéis atá faoi réir na bhforálacha in alt 9 nó 10 de Chuid 2 den Iarscríbhinn, ní mór don Chomhlacht dul i gcomhairle leis an duine sin sula ndeimhneofaí ar cheart nó nár cheart an fhaisnéis a nochtadh.

10.2 I ngach cás ba cheart don Chomhlacht a mheá an ndéanfaí nó nach ndéanfaí, tríd is tríd, leas an phobail, tríd an fhaisnéis a nochtadh seachas a choimeád siar.

10.3 I ngach cás is faoin gComhlacht atá sé, murab ionann agus an duine (nó ionadaithe ar a son), a dheimhniú ar cheart nó nár cheart faisnéis a nochtadh faoin gCód seo. I gcás go ndiúltódh an duine nochtadh faisnéise a cheadú, níor leor an diúltú sin ann féin mar chúis gan an fhaisnéis a nochtadh.

10.4 Má ghlactar cinneadh faisnéis faoi réir na bhforálacha in alt 9 agus 10 i gCuid 2 den Iarscríbhinn a nochtadh, is gá é an cinneadh sin a chur in iúl i scríbhinn don duine agus deis a thabhairt dóibh cur isteach ar achomharc inmheánach faoin gcinneadh sin mar is cuí de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i mír 16 den Chód seo.

10.5 Ní mór d'aon fhógra a eisítear de réir mír 10.4 a shainiú:

(a) go gcaithfidh iarratas ar achomharc inmheánach ar an gcinneadh a bheith curtha isteach ag an duine laistigh de 15 lá oibre; agus

(b) nach gcuirfear an cinneadh atá i gceist i bhfeidhm go dtí go dtiocfadh deireadh leis an tréimhse sin, nó i gcás go ndéanfaidh an duine iarratas ar achomharc inmheánach laistigh den tréimhse ama sin, go dtí go ndéanfaidh an t-achomharc inmheánach cinneadh.

## **11. Modh rochtana**

11.1 Is féidir le Comhlacht rochtain ar fhaisnéis a sholáthar:

(a) i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm fótachóipe nó ar modh eile

den fhaisnéis;

(b) trí dheis réasúnta a thabhairt scrúdú a dhéanamh ar nó, más amhlaidh an cás, éisteacht leis nó féachaint ar an bhfaisnéis fad agus is féidir;

(c) i gcás faisnéise atá i luathscríbhinn nó i modh ionchódaithe eile, i bhfoirm inléite agus scríofa;

(d) I gcás go bhfuil sé réasúnta indéanta is féidir leis an gComhlacht achoimre nó giorrúchán ar an bhfaisnéis a sholáthar

de réir mhianta an iarratasóra.

11.2 Is féidir rochtain a sholáthar ar bhealach ar bith eile a shocródh an Comhlacht i gcás go mbeadh sé níl oiriúnaí nó roinnt mhaith níl éifeachtaí rochtain a sholáthar ar an modh sin, i gcás go gcuirfeadh soláthar rochtana sa mhodh a d'iarr an t-iarratasóir isteach ar cheart nó ar dhualgas reachtúil nó go ndéanfadh sé dochar fisiciúil don fhaisnéis nó go gcothódh sé sárú cóipchirt.

11.3 I gcás go ndeimhníonn Comhlacht nach bhfuil ach cuid den fhaisnéis ina faisnéis atá díolmhaithe, ba cheart rochtain a sholáthar ar pé codanna eile den fhaisnéis nach bhfuil díolmhaithe.

## **12. Iarratais ar fhaisnéis**

12.1. Ba cheart gur i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach a dhéanfaí iarratais ar fhaisnéis atá i seilbh an Chomhlachta ar an gComhlacht a bhfuil sí ina sheilbh aige. Ba cheart ainm an iarratasóra, seoladh le haghaidh comhfhreagrais agus leordhóthain sonraí a bheith ann chun an fhaisnéis atá á lorg a aithint gan an iomarca dua.

12.2 Is féidir diúltú d'iarratas ar fhaisnéis i gcás:

(i) go bhfuil an t-iarratas suaibhreasach, cráiteach nó go follasach míréasúnta;

(ii) go gcuirfeadh an t-iarratas ualach oibre riaracháin a bheadh iomarach agus míréasúnta ar an gComhlacht atá i gceist.

Ní ceart diúltú d'iarratas faoi réir na fo-mhíre (ii) thuas mura ndearnadh iarracht cabhrú leis an iarratasóir an t-iarratas a leasú ionas nach mbainfeadh sé le forálacha na fo-mhíre sin a thuilleadh.

### **13. Fógairt Cinntí**

13.1 Faoi réir mír 3.2 ba cheart an cinneadh faoi iarratas ar fhaisnéis a eisiúint i scríbhinn chuig an iarratasóir go tráthúil agus ar dháta nach mbeidh níos déanaí ná 20 lá oibre ón dáta a bhfuarthas an t-iarratas.

13.2 I gcás iarratais ar bheart substainiúil faisnéise agus/nó i gcás iarratais lena mbíonn gá le dul i gcomhairle le tríú páirtí, de réir an Chóid seo, is gá cinneadh faoi iarratas ar fhaisnéis a eisiúint i scríbhinn chuig an iarratasóir ar dháta nach mbeidh níos déanaí ná 35 lá oibre ón dáta a bhfuarthas an t-iarratas.

13.3 Ní mór admháil a eisiúint go bhfuarthas iarratas faoi mhír 12 go tráthúil agus ar dháta nach mbeidh níos mó ná 5 lá oibre ón dáta a bhfuarthas an t-iarratas. Ba cheart go ndéarfadh an admháil go bhfuiltear ag déileáil leis an iarratas faoi réir an Chóid seo agus go gcomhairleodh sí an t-iarratasóir maidir le forálacha an Chóid.

13.4 I gcás go gcuirtear síneadh ama leis an tréimhse ina ndéanfar cinneadh faoin mír seo ó 20 go dtí 35 lá oibre, ní mór fógra a eisiúint chun an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin síneadh ama seo go tráthúil agus ar dháta nach mbeidh níos mó ná 20 lá oibre i ndiaidh an dáta a bhfuarthas an t-iarratas.

13.5 Faoi réir mír 13.6, ní mór sceideal de na taifid atá ábhartha don iarratas a bheith mar chuid den fhógra ar chinneadh faoi iarratas agus i gcás iarratais a ndiúltaítear dó go hiomlán nó go páirteach, ní mór cur síos ar na cúiseanna gan an fhaisnéis a nochtadh a bheith leis móide sonraí faoin gceart atá ag an iarratasóir ar athbhreithniú ar an gcinneadh.

13.6 Níl dualgas ar Chomhlacht eolas faoi fhaisnéis a bheith ann nó gan a bheith ann a nochtadh i gceachtar den dá chás seo:

- (a) go bhfuil an fhaisnéis atá á hiarraidh díolmhaithe de bharr ailt ar bith i gCuid 1 den Iarscríbhinn; nó
- (b) go bhfuil an fhaisnéis atá á hiarraidh ina faisnéis dhíolmhaithe de bharr ailt ar bith i gCuid 2 den Iarscríbhinn agus, i ngach cúinse den chás, gur tábhachtaí leas an phobail gan an t-eolas faoin bhfaisnéis

a bheith ann nó gan a bheith ann a nochtadh ná leas an phobail i nochtadh an eolais faoin bhfaisnéis a bheith ann nó gan a bheith ann.

13.7 I gcás nach ann don fhaisnéis a iarradh nó nach féidir teacht uirthi tar éis gach iarrachta réasúnta í a aimsiú, ba cheart go ndearbhódh fógra an chinnidh an méid seo. I gcás faisnéise nár aimsíodh ba cheart don Chomhlacht na céimeanna a tugadh chun í a aimsiú a chur i dtoll a chéile i dtaifead agus an taifead sin a choimeád

13.8 Beag beann ar mhír 10, i gcás go mbaineann cinneadh faoi iarratas ar fhaisnéis go hábhartha le duine, ba cheart don Chomhlacht an cinneadh a chur in iúl don duine sin.

#### **14. Ráiteas Cúiseanna**

14.1 Faoi réir fhorálacha an Chóid seo, i gcás go gcuirfeadh duine iarratas isteach chuig an gComhlacht, ba cheart go soláthrófaí dó/di ráiteas faoi na cúiseanna atá le gníomh de chuid an Chomhlachta a raibh tionchar aige ar an duine sin.

14.2 Fad agus a bhaineann leis an mír seo, is é is brí le “gníomh” cinneadh (seachas cinneadh a dhéantar faoin gCód seo) ina bhfuil leas ábhartha ag an iarratasóir ann agus ina mbíonn sé mar iarmhairt nó mar thoradh ar an ngníomh go séantar nó go mbronnar buntáiste ar an duine gan é a shéanadh nó a bhronnadh ar dhaoine i gcoitinne nó ar aicme daoine atá sách líonmhar.

14.3 Ag eascairt as an mír seo, ní gá go dtabharfaí do dhuine faisnéis atá díolmhaithe ná ní gá go nochtófaí do dhuine gurbh ann nó nárbh ann d’fhaisnéis seachas mar atá faoi réir an Chóid seo, de bharr rud ar bith sa mhír seo.

#### **15. Táillí**

15.1 Is féidir an costas a bhaineann le hatáirgeadh agus seachadadh faisnéise faoin gCód seo a ghearradh ar an iarratasóir. Ní ceart a leithéid de tháille a ghearradh i gcás gurb é scrúdú ar an bhfaisnéis an modh rochtana, i gcás faoi bhun 20 leathanach cóipeáilte A4, nó i gcás gur go leictreonach a chuirtear an rochtain ar fhaisnéis ar fáil. Má tá táille le gearradh, ní mór don Chomhlacht scríobh chuig an

iarratasóir, laistigh den tréimhse chun go gcloíffí le mír 13, chun méid an táille a chur in iúl.

15.2 D'fhéadfaí struchtúr táillí a chumfadh na hAirí freagracha agus le ceadú na Comhairle teacht i bhfeidhm go ligfí pé táillí eile a dhearbhófaí a ghearradh faoin gCód seo.

15.3 I gcás go ngearrtar táille, cuirtear an tréimhse ama faoi mhír 13 chun déileáil le hiarratas ar fionraí go dtí go n-íocann an t-iarratasóir an táille.

## **16. Athbhreithniú inmheánach ar chinntí**

16.1 Is féidir le hiarratasóir laistigh de 20 lá oibre tar éis dóibh cinneadh a fháil faoi mhír 13 athbhreithniú a iarraidh ar an gComhlacht chuí maidir le cinneadh:

- (a) ar cinneadh é diúltú d'iarratas ar fhaisnéis go hiomlán nó go páirteach (agus teip ar iarratas ar fhaisnéis a fhreagairt laistigh den tréimhse ama luaite i mír 13 measc san áireamh); nó
- (b) ar cinneadh é rochtain ar fhaisnéis a sholáthar i bhfoirm nó i modh ar leith; nó
- (c) ar cinneadh é diúltú d'iarratas faoi mhír 14 nó ar cinneadh é maidir le hábhar ráitis faoin mír sin; nó
- (d) ar cinneadh é táille a ghearradh faoi mhír 15.

16.2 Ní mór athbhreithniú faoin mír seo a bheith faoi chúram ball foirne atá níos sinsearaí ó thaobh gráid de ná an duine a rinne an cinneadh faoin iarratas.

16.3 I gcás go bhfaightear iarratas faoin mír seo i dtaobh cinnidh gan faisnéis atá luaite in ailt 9 nó 10 nó i gCuid 2 den Iarscríbhínn a nochtadh ní mór don Chomhlacht an duine a chur ar an eolas faoin iarratas.

16.4 I ndiaidh athbhreithnithe faoin mír seo, is féidir le Comhlacht an bunchinneadh a athdheimhniú nó a athrú.

16.5 Ba cheart an cinneadh faoi iarratas a dhéantar faoin mír seo

a chur in iúl don iarratasóir agus d'aon duine a bheadh áirithe i mír 16.3 ar dháta nach mbeadh níos déanaí ná 15 lá oibre ná an dáta a bhfuarthas an t-iarratas atá i gceist.

### **17. Tuairiscí don Chomhairle**

Ba cheart do Chomhlacht tuairisc ar conas mar atá an Cód seo á fheidhmiú aige a chur ar fáil don Chomhairle ag pé tráth agus i bpé riocht a d'éileodh an Chomhairle ó am go ham.

## Iarscríbhinn

Faisnéis de na cineálacha seo a leanas, is faisnéis dhíolmhaithe í faoi réir éirim an Chóid seo:

### Cuid 1

#### **1. Cosaint, slándáil agus caidrimh idirnáisiúnta**

- Faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do shlándáil nó do chosaint nó do chaidrimh nó gnóthaí idirnáisiúnta
- Faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh don chaidreamh idir rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann
- Faisnéis a bhfuil a nochtadh toirmiscthe ag eagraíocht idirnáisiúnta.

#### **2. Cúrsaí dlí**

Faisnéis a gcuirfeadh a nochtadh isteach ar riaradh an dlí (trial neamhchlaonta san áireamh), imeachtaí dlí, nó imeachtaí aon chúirte nó aon bhinse fiosrúcháin nó aon fhiosrúchán poiblí nó aon imscrúdú foirmiúil (cé acu i bhfeidhm nó dochúil) nó faisnéis a bhfuil nó a raibh plé ar a nochtadh nó a bhfuil sé dóchúil go bpléifí a nochtadh i gcomhthéacs imeachtaí dá gcineál sin.

Faisnéis a bhaineann le himeachtaí dlíthiúla nó le himeachtaí aon bhinse fiosrúcháin, aon fhiosrúchán poiblí, nó aon imscrúdaithe fhoirmiúil atá críochnaithe nó ar cuireadh deireadh leis, nó faisnéis a bhaineann le himscrúduithe ar eascair imeachtaí nó a bhféadfadh imeachtaí a eascairt astu.

#### **3. Pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil**

Faisnéis a bhféadfaí a áiteamh ina taobh go mbaineann pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil léi in imeachtaí dlíthiúla.

#### **4. Faisnéis phearsanta a bhaineann le duine aonair atá fós beo**

Faisnéis phearsanta ach amháin i gcás nach bhfuil san fhaisnéis atá i gceist ach faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir amháin.

#### **5. Faisnéis a d'fhéadfadh an t-iarratasóir a rochtain trí mheáin eile**

Faisnéis a mbeadh fáil mheasartha ag an iarratasóir uirthi, fiú dá mba ghá íoc as, agus áirítear faisnéis a bheith ina measc seo más fhaisnéis í a bhfuil dualgas ar an gComhlacht (nó ar dhuine eile) faoi achtachán éigin í a chur ar fáil don phobal (seachas í a chur ar fáil le haghaidh imscrúdaithe) ar achainí, is cuma más saor in aisce nó ar chostas é.

## **6. Srianata reachtúla agus eile**

6.1 Faisnéis a bhfuil a nochtadh toirmiscthe faoi na hAchtanna maidir le cosaint sonraí (in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe) nó faoi aon reachtaíocht, ordú, rialachán, dlí de chuid an Aontais Eorpaigh, nó comhaontú idirnáisiúnta eile, faisnéis atá á coimeád ag aon údarás poiblí eile a bhfuil a nochtadh toirmiscthe de réir dlí san áireamh.

6.2 Faisnéis a fuarthas ó, nó a thionscain údarás poiblí agus ar ghlac an t-údarás cuí cinneadh go bhfuil an fhaisnéis nó cuid den fhaisnéis ina taifead díolmhaithe faoi Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003, nó ina faisnéis dhíolmhaithe faoi The Freedom of Information Act 2000 sa Ríocht Aontaithe.

6.3 Faisnéis a fuarthas ó, nó a thionscain údarás poiblí agus a d'fhéadfadh a bheith, dar leis an údarás poiblí sin, ina thaifead díolmhaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 mar a leasaíodh é nó a d'fhéadfadh a bheith ina faisnéis dhíolmhaithe faoi The Freedom of Information Act 2000 sa Ríocht Aontaithe.

## **7. Cumarsáidí lena Mórgacht, an Bhanríon, nó le hUachtarán na hÉireann**

Cumarsáidí le hUachtarán na hÉireann, nó lena Mórgacht, an Bhanríon, nó le baill eile den Teaghlach Ríoga nó le foireann seirbhíseach an Teaghlaigh Ríoga agus ina measc deonú aon chomhartha onóra nó dínite.

### **Cuid 2**

#### **1. Plé agus comhairle inmheánach**

Faisnéis a bhaineann le pléphróiseas a srianfadh a nochtadh malartú tuairimí ar bhealach oscailte agus macánta, ina measc:

- imeachtaí grúpaí oibre agus coistí;
- tuairimí, comhairle, moltaí, comhairliúchán agus pléitíinmheánacha;



- réamhtheilgin agus foshuímh a bhaineann le hanailís inmheánach ar bheartas, anailís ar mhalairt roghanna beartais agus faisnéis a bhaineann le roghanna beartais ar diúltaíodh dóibh;
- cumarsáid idir an gComhlacht cuí agus: rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann; údaráis phoiblí; agus Comhlachtaí rialaitheacha.

## **2. Forfheidhmiú an dlí**

Faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh d'fhorfheidhmiú nó do chearriaradh an dlí, ina bhfuil san áireamh ansin coir a chosc, a imscrúdu nó a bhrath nó ciontóirí a ghabháil agus a ionchúiseamh.

## **3. Faisnéis phearsanta – daoine nach maireann**

Faisnéis phearsanta a bhaineann le daoine nach maireann.

## **4. Sábháilteacht phoiblí**

Faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh don sábháilteacht phoiblí nó don ord poiblí, nó a dhéanfadh dochar do shábháilteacht aon fhoirgnimh nó aon fhorais piónóis.

Faisnéis a bhféadfadh a nochtadh beatha nó sábháilteacht duine a chur i mbaol, nó foinse faisnéise nó cabhrach a tugadh i modh ruín le haghaidh fhorfheidhmithe an dlí nó feidhmeanna slándála a dhéanamh inaitheanta.

## **5. Gnóthaí Eacnamúla**

Faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do leas eacnamúil na hÉireann nó na Ríochta Aontaithe nó leas eacnamúil earnáil eacnamúil ar bith in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe, nó go ráineodh dá thoradh go mbeadh brabús nó buntáiste neamhthuillte ag duine nó aicme daoine.

## **6. Bainistiú éifeachtach seirbhísí poiblí**

Faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do dheariaradh nó dhea-oibriúchán éifeachtach Comhlachta nó údaráis phoiblí, ina measc faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do:

- ghníomhaíochtaí nó feidhmeanna (ina measc feidhmeanna a bhaineann le bainistíocht, bainistíocht pearsanra san áireamh) Comhlachta nó údaráis phoiblí;
- chaibidlíocht;
- chumas iomaíochta Comhlachta nó údaráis phoiblí.

### **7. Foilsiú agus anabaíocht maidir le foilsiú**

Faisnéis atá foilsithe nó a bheidh foilsithe sara fada, nó i gcás go mbaineann an fhaisnéis le fógra atá beartaithe nó a d'fhéadfaí a dhéanamh, faisnéis a bhfuil an baol ann go bhféadfadh a nochtadh dochar (mar shampla, dochar fisiciúil nó airgeadúil) a dhéanamh.

### **8. Taighde, staitisticí agus anailís**

Faisnéis a bhaineann le hanailís, taighde agus staitisticí neamhchríochnaithe, i gcás go gcuirfeadh nochtadh na faisnéise sin an té ar leis í faoi mhíbhuntáiste mór nó go mbainfeadh sé de/di tosaíocht foilsithe nó luach tráchtála.

### **9. Faisnéis Tráchtála Íogair**

Faisnéis, ina measc rúin tráchtála, rúin trádála nó maoin intleachtúil i gcás go ndéanfadh nochtadh na faisnéise dochar do sheasamh iomaíoch duine.

### **10. Faisnéis atá á coimeád/a fuarthas i modh rúin**

Faisnéis a fuarthas ó dhuine a sholáthair í ar an tuiscint go gcosnófaí rúndacht na faisnéise.

Aon fhaisnéis eile a tugadh agus ar glacadh léi i modh rúin i gcás go ndéanfadh nochtadh na faisnéise atá i gceist dochar do sholáthar a leithéid d'fhaisnéis sa todhchaí agus i gcás go bhfuil soláthar faisnéise den chineál sin tábhachtach don Chomhlacht.

### **11. An Chomhshaol**

Faisnéis i gcás go n-ardódh nochtadh na faisnéise an baol dochair don chomhshaol, nó do ghnéithe tearca nó do ghnéithe atá i mbaol agus dá ngnáthóga.